

A.D. 2016: Ficsean Eolaíochta Gaelach agus Macalla Stair na hÉireann

Aindriú Ó Ciardha

Nuacht an Lae:

D'fhógair an Rialtas inniu gurb é an Pápa, Pius XIV, a déarfás na paidreacha ag tús na gCluichí Oilimpeacha ar an gCurach i Mí Lúnasa seo chugainn. Fógraíodh é seo tar éis don Taoiseach, an Dochtúir Mac Ádhaimh, castáil le hUachtarán Choimisiúin Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha...

Tá cinneadh seo an Rialtais cáinte go láidir ag ceannaire an Oird Oráistigh, an tOirmhinneach William Gibson. Dúirt an tOirmhinneach Gibson gur mhasla a bhí ann, ní hamháin do Phrotastúnaigh na tíre seo, ach do chuile dhuine ar domhan nach Caitliceach é... Dúirt an tÁire Spóirt, an tUasal Seán Ó hEochaidh, T.D., go bhfuil an tUasal Gibson ag caint trína hata babhléir arís. 'Ná cuireadh sé sin seicteachas i leith duine ar bith,' a dúirt sé.

Mhúch Pádraig an teileadóir ar a rosta. (Standún 1988, 1-2)

Sa bhliain 1988, leis an sliocht seo thuas, chuir Pádraig Standún tús lena úrscéal *A.D. 2016*. Sliocht tábhachtach é, toisc gur úsáideann an t-údar teicníc léirithe is dual don fhicsean eolaíochta. Míníonn sé an cúlra mar chuid den scéal, gan a rá “Seo úrscéal suite sa todhchaí in Éirinn aontaithe le ardteicneolaíocht níos sofaisticiúla agus na Náisiúnaithe i gceannas.”

Tá an aidhm chéanna leis an “teileadóir”—focal portmanta déanta de “teilifís” agus “uaireadóir”—atá leis an fhrása cáiliúil a chuir an Meiriceánach Robert A. Heinlein ar an gcéad leathanach dá leabhar *Beyond this Horizon: “The door dilated.”* (Heinlein 2014) Sa scéal Heinlein, a foilsíodh den chéad uair i 1942, leathann doras mar inteachán súile nó mar sheallspiara ceamara, agus glactar nach doras annamh é. I scéal an Standúnaigh, amharcann duine ar nuacht an lae ar ghléas beag atá á chaitheamh ar chaol a láimhe—sular tháinig Ré na nGuthán Póca, shílfeá gur stuif de chuid *Star Trek*, nó *Dick Tracy* ar a laghad, a bhí ann—agus glactar nach corrdhuine é, sa chaoi sin ar aon nós. Ní gá a mhíniú an dóigh a n-oibríonn an teileadóir, amhail is dá mba ghunna é i *technothriller* de chuid Tom Clancy, ach seasann sé mar ghnáthpháirt dá shaol. Is iad pearsana an tsaoil sin ná ábhar an leabhair. Nó, má aontaíonn muid le Samuel R. Delany faoi bhuanaidhm an fhicsin eolaíochta, is é saol an scéil, agus na difríochtaí idir sin agus an saol s'againne, ná fíorcheist an úrscéil.¹

Taobh istigh den chéad deich leathanach, foghlaimíonn an léitheoir na mórshonraí faoi Phádraig, an príomhcharachtar, fear seachtó bliana d'aois atá ag fáil bháis den ailse bhoilg, agus faoi stát na hÉireann sa todhchaí fhicseanuil seo. Tá Éire athaontaithe, agus níos tábhachtaí, tá sí ath-Ghaelaithe.

Cén bhliain í sin a raibh Bliain na Gaeilge acu? Nócha a hocht nó nócha a naoi? Déanadh an t-éacht in aon bhliain amháin ag deireadh an chéid. Le cabhair na réabhlóid teicneolaíochta a déanadh é... Ba é an gníomh náisiúnach ba mhó a rinneadh ariamh sa tír é, agus féach nach ceann de na páirtithe móra a bhíodh ag maíomh as an náisiúnachas a rinne an gníomh ach an oiread, ach an t-aon rialtas den eite chlé a bhí againn ariamh sa tír, an comhrialtas sin de shóisialaigh is de raidicigh, liobrálach, is neamhspleáigh... (Standún 1988, 9)

Ach in ainneoin na réabhlóide a thosaigh faoi stiúir na heite chlé, tá Éire an scéil níos daingne faoi smacht na hEaglaise Caitlicí ná mar a bhí sí riamh. Níl Pádraig—a d'fhág an chliarscoil

ag deireadh na seascaidí tar éis dó thit sé i ngrá le healaíontóir, bean nár phós leis cé gur mhair a ghrá di, gan chúiteamh, fríd a shaol—sásta leis an ord nua. Cé go bhfuil sé idir dhá chomhairle maidir le Dia féin, tá dearcadh dearg-amhrasach aige ar an Eaglais a dhiúltaigh sé daichead bliain roimhe sin.

Maidir leis an bheirt óg a théann isteach sa bhrú siúlóirí ina bhfuil sé ag fanacht thar oíche, measann sé: “Nach iontach an ghreim atá ag an Eaglais ar an dream óg. Dhá scór nó leathchéad bliain ó shoin, ní mar sin a bheidís—*Hippies, Yuppies* ... saoirse ó thaobh grá is collaíochta...” (Standún 1988, 8) Is iad seo Muiréad, as Conamara, agus Seosamh, as Doire Choilm Cille, mic léinn de chuid Ollscoil Mhaigh Nuad atá ag teacht ar ais ó thuras go Cruach Phádraig. Is léir dó nach deartháir agus deirfiúr iad, ach ní thugann siad póg dá chéile, gan trácht ar codladh in aon leaba amháin.

Is é an brú ná cuid eile de thógáil shaoil² an Standúnaigh. Iarstáisiúin traenach é, a rinneadh dídean do shiúlóidithe de nuair a athchóiríodh iarnród tréigthe ina chonair shiúil. Arsa Pádraig: “Cé chreidfeadh fadó go mbeadh an oiread sin úsáide dhá bhaint as na cosa, tar éis a bhfuil de dheiseanna iontacha taistil ann.” (Standún 1988, 4) Seasann an chonair shiúil mar chnámh droma an scéil, mar a tharlaíonn gach eachtra le linn shiúlóide Phádraig óna pharóiste dúchasach, Maigh Nulla, Co. Mhaigh Eo, go Coláiste Phádraig Mhaigh Nuad i gCill Dara, áit ina d'fhreastail sé ar chliarscoil. Tá sé ar intinn aige a thuras a chríochnú i mBaile Átha Cliath ag an gComóradh ar an Éirí Amach i bPáirc an Fhionnuisce, ach—maith dom milleadh an scéil, le do thoil—ní thig leis an chathair a bhaint amach.

Níl mórán trácht fá dtaobh de chúrsaí teicneolaíochta in *A.D. 2016*, mar a bhíonn san úrscéal ficsean eolaíochta steiréitipiciúil, ach ní chuige sin a scríobhadh a lán leabhar sa seánra. D'ainneoin na barúla a thug Margaret Atwood, údar *The Handmaid's Tale*, ar BBC1 Breakfast News sa bhliain 2003,³ ní gá don fhicsean eolaíochta a phlé le spásárthaigh agus scuid a mbíonn caint acu. Bíonn teileadóirí ag Pádraig, Muiréad, agus Seosamh, agus feictear cúpla cineál ingearán—glacaim leis nach gnátheitleáin iad ón trácht ar rótair, mar atá ag héileacaptair, in áit lián nó scairdinneall—a thugtar aerbhusanna agus aercharranna orthu, ach bíonn na daoine, agus mar aon leo an Éire eile a chum an t-údar, i lár an aonaigh.

Ach, tá píosa teicneolaíochta amháin eile a bhfuil ról aige sa scéal. Ní luaitear an t-ainm atá orthu, a mhalairt den suaimhneasán eofóiriach *Soma* sa leabhar *Brave New World*, ach tógann Muiréad, Seosamh, agus na mílte Caitlicigh óga eile na hÉireann, “...na taibléidí sin le mianta na colainne a bhodhrú, leis an móid a dhéanamh níos éasca.” (Standún 1988, 116) Sochtach hormóin atá iontu, gan amhras. Mínítear an comhthéacs sa sliocht seo: “Bhí móid tugtha aici—ar nós go leor dá haois—fanacht ina maighdean go mbeadh sí cúig bliana fichead. Thug an Eaglais an nós sin isteach thart ar thús an chéid.” (Standún 1988, 28)

Tá an chuid is mó den óige ina Staonairí fosta—nuair a théann an bheirt isteach sa seomra ina bhfuil Pádraig ina luí, feiceann siad a bhuidéal fuisce, agus:

[Arsa Muiréad]: 'Ní bheadh sé éasca mo dhuine a dhúiseacht. Nach bhfeiceann tú an buidéal le taobh na leapan?

[Arsa Seosamh]: 'Nach iontach an dúil atá ag an seandream sa deoch.'

Níl mé ar thaobh an alcólachais nó i bhfabhar cúrsaí collaíochta a bheith scaoilte gan cheanúlacht gan chineáltas gan fhéinsmacht, ach chuirfí lionn dubh ort tír álainn na hÉireann a fheiceáil i ngreim nimhneach an Phiúratánachais, Piúratánachas atá—gabhaim leithscéal ó mo chroí leis an Athair Maitiú!—nós cosúla le teagasc gruama an tSaor-Phreispitéirigh Ian Paisley ná le creideamh Naomh Bhríde, Muire na nGael, a dúirt gur mhian léi loch beorach a thabhairt do Rí na Ríthe agus do mhuintir na bhFlaitheas.

Agus sin ráite, ní mór dúinn ceist a chur: an diostóipe í Éire sa saol *A.D. 2016*? Diostóipe Chaitliceach, Náisiúnach, Ghaelach? Is peaca é leabhar a mheas de réir a chlúdaigh, ach caithfidh

mé a admháil gur fhiafraigh cara díom, nuair a chonaic sí clúdach an leabhair agus an íomhá dhuaire air—cros chéasta theibí, corp ar a cos atá trí thine—“An úrscéal diostóipeach é?” An scéal é seo a ghlacfaí, dá mba leabhar i mBéarla é, mar litríocht fhuatha fhrith-Ghaelach agus fhrith-Ghaeilge? Nó fiú mar thromluí paranóideach a tháinig amach as intinn ghalrach ghránna cholúnaí inteacht a mbíonn ag scríobh don *Indo*?

Is léir go bhfuil Pádraig Standún ina Ghaeilgeoir. Is rud tábhachtach a rá, agus an cheist seo faoi chaibidil, gur sagart Caitliceach é fosta. D'fhreastail sé ar Cholaíste Phádraig Mhaigh Nuad, mar a gcéanna le príomhphearsa a úrscéil, cé gur ornaíodh eisean i 1971, a mhalairt den phearsa fhicseanuil a d'fhág an chliarscoil.⁴ An é Pádraig an leabhair macasamhail a údair i malairt staire, a chaill an ghairm a choimeád an scríbhneoir féin? Tá a thuilleadh cosúlachta eatarthu ná ainm agus oideachas amháin—tá dúchas Mhaigh Eo ag an bheirt, agus d'obair athair an charachtair mar phláistéir mar a gcéanna le hathair an údair. Is sagart liobrálach é an Standúnach, ar thaobh an Dara Chomhairle Vatacánach nó fiú níos radaí. ⁵ Chonacthas sin anuraidh nuair a labhair sé i bhfabhar an vóta Tá sa reifreann ar phósadh comhghnéis. ⁶ Is beag an baol go nglacadh sé le Caitliceachas gar-Jansenach den sórt atá i gcumhacht ar Éirinn an scéil.

Ach, gach rud san áireamh, ní mheasaim go bhfuil Éire A.D. 2016 ina diostóipe iomlán. In ainneoin an réimis choimeádaigh agus an dímheasa éadroim aeraigh a thaispeáin an tÁire Spóirt don cheannaire Protastúnach—an dímheas céanna a thaispeánann Aontachtaí do Náisiúnaí sa saol mar atá—tá neart eile níos fearr ná mar a bhí, nó mar atá, fiú taobh amuigh d'aiséirí na Gaeilge in achan chearn den tír. Arsa Pádraig:

'An t-athrú is suntasaí, sílim, ná go bhfuil beagán níos mó de chothrom na féinne sa saol ná mar a bhí. Tá mé ag caint ar an bpáirt seo den domhan, an tIarthar, mar a thugtaí fadó air, agus an pháirt sin a dtugtaí an Tríú Domhan air roimhe seo, leagan nach bhfuil sa gcaint níos mó, leagan dímheasúil, maslach ar nós “tincéara,” nó *itinerant* a bhí ar ár ngob féin tráth den saol.' (Standún 1988, 128)

Tá contúirt na n-arm adamhach thart chomh maith. Scaoileadh buama núicléach le Boston Mheiriceá “de bharr míthuisceana nuair a tháinig caor thine thríd an atmaisféar sa tSibéir.” (Standún 1988, 127) Dar le Pádraig, a bhí ann ag an am—tháinig a ghalar marfach air as an dáileog radaíochta a fuair sé—ba bheag nár thosaigh an Tríú Cogadh Domhanda. Ach i ndiaidh an uafáis fuair gach tír réidh leo, agus níl mórán eolais ag an ghlúin óg fúthu. Arsa Muiréad: “Caidé sin a thug siad orthu?—*Nukes*?” (Standún 1988, 127)

Agus ba chóir dom a rá nach bhfuil cuma stáit phóilínigh ar an Phoblacht. Nuair a chasann Pádraig ar an bheirt óg, ligean sé air gur spiaire ag an easpag é, ag coinneáil súile ar dhaoine óga ar fhaitíos go mbeadh siad ag bualadh craicinn. Tuigeann siad go bhfuil sé ag magadh, agus níl inní nó fearg orthu, ach amháin samhnas leis an ghreann atá, ina mbarúil féin, gáirsiúil go smior. Dá mbeadh spiaireacht agus faireachas coitianta ina saol, bheadh meon eile acu. Agus nuair a thugann craoladh nuachta poiblí tuairisc ar eaglais nua neamhspleách Chaitliceach i Meiriceá Theas atá “ag cur inní mhór ar an Vatacáin,” (Standún 1988, 85) tá an léiriú neodrach, nó rud beag dearfach, fiú.

Ach céard faoi stair na hÉireann, ábhar a gheall mé ar dtús a phlé? Bhuel, tá sí scaipthe fríd an leabhar, mar is dual do úrscéal ficsean eolaíochta. Cuimhnigh ar Isaac Asimov, H. Beam Piper, Poul Anderson, agus a leithéidí—gan trácht ar an scannánóir George Lucas—a scríobh fá dtaobh de impireachtaí agus poblachtaí réaltracha a d'éirigh agus a thit ar nós na Romhánach fadó, agus feicfidh tú go mbíonn an seánra fite fuaite leis an stair.

Sa chás seo, is minic a thráchtann Pádraig uirthi. “Ní mé an chéad Phádraig a tháinig thart, de réir na scéalta. Seo í an áit nár fhás an tseamróg ariamh ann, a deirtí. D'eitigh siad deoch do Naomh Pádraig—b'fhéidir go raibh a dhóthain ólta aige.” (Standún 1988, 3) Agus é ag gabháil thart fá Bhalla, luíonn sé líne den dán “Cill Aodáin” a scríobh Raifteirí: “I mBalla taobh thíos de thosós mé ag ól,' a dúirt sé os ard agus é ag tarraingt an bhuidéil aníos as a phóca.” (Standún 1988, 25)

Agus is iomaí áit sa leabhar ina cloistear macalla Éirí Amach na Cásca, fiú lasmuigh den teideal. Smaoiníonn Pádraig ar bhás san Earraigh; rud aisteach, is dóigh leis, agus gach rud úr ag fás. Mar sin, tá a bhás den ailsle curtha i gcosúlacht le básanna na gceannairí ós comhair scuaid lámhach, chomh maith le céasadh Chríost. Nuair a thuigeann sé nach sroichfidh sé an Comóradh i bPáirc an Fhionnuisce agus é beo, impíonn sé ar Mhuiréad agus ar Sheosamh a chuid luaithrigh a chuir i mbosca litir in Ard-Oifig an Phoist. Faraor, ní thig leo a chorp a aistriú go dtí an chréamatóiriam i nGlas Naíon, agus adhlactar é, faoi choim na hoíche, i dtuama an Athar Eoghain Uí Ghramhnaigh i reilig Mhaigh Nuad. Agus rud maith é, ar deireadh, nach dtéann siad go mBaile Átha Cliath.

Luan Cásca—Nuacht an lae:

D'éirigh thar barr le Comóradh Céad Bliain na Poblachta...

Gabh mo leithscéal. Tá scéal ag teacht isteach go bhfuil círeib ar siúl i lár na cathrach. Tá Ardoifig an Phoist gafa ag fir armtha, bratach na Láimhe Deirge crochta os a chionn... (Standún 1988, 165-166)

Is soiléir go bhfuil muid anseo sa bhliain 2016 agus níl Éire, bíodh sé maith nó olc, mar atá sí sa leabhar *A.D. 2016*. Ach níl clú an scríbhneora millte dá bharr sin. Is iomaí leabhar i gcanóin an tseánra atá sa chás céanna: saothar H.G. Wells a d'aistrigh An Gúm tráth,⁷ mar shampla, nó saothar Heinlein inar bunaíodh coilíneacht ar an Ghealach roimh dheireadh an fichiú céad. Dá mbeadh an bua ag údair fhicsean eolaíochta toradh na todhchaí a thuar go cruinn beacht, ní scríbhneoirí a thabharfaí orthu, ach fáithe.

FOINSI

Delany, Samuel R. *Starboard Wine: more notes on the language of science fiction*. Wesleyan University Press; Middletown, Connecticut, SAM, 2012

Heinlein, Robert A. *Beyond This Horizon*. Baen Books: Wake Forest, Carolina Thuaidh, SAM, 2014. Eagrán Ríomhleabhair.

Hickey, Kevin. "Malairt tuairime faoi sheasamh sagairt Ghaeltachta ar an Reifreann Pósta." *Tuairisc.ie*, Dé Máirt, 12 Bealtaine, 2015

(<http://tuairisc.ie/malairt-tuairime-faoi-sheasamh-sagairt-ghaeltachta-ar-an-reifreann-posta/>)

Langford, David. "Bits and Pieces" in *SFX*, eagrán 107, Lúnasa 2003
(<http://ansible.uk/sfx/sfx107.html>)

Ó hEanáchain, Seán. "Pádraig Standún: saol agus saothar." *Móthrachtas*, Ollscoil Mhaigh Nuad, 1991

(http://eprints.maynoothuniversity.ie/5143/1/Sean_O'hEanachain_20140624155701.pdf)

O'Leary, Philip. "Science Fiction and Fantasy in the Irish Language" i *Celtic Cultural Studies: an interdisciplinary online journal*, eagrán 4, 2005

(<https://web.archive.org/web/20061102005506/http://www.celtic-cultural-studies.com/papers/04/oleary-01.html>)

Standún, Pádraig. *A.D. 2016*. Cló Chonamara; Indreabhán, Co. na Gaillimhe, 1988

1 "How would the world of the story have to be different from our world in order for this to occur? *is the question around which the play of differences in the SF text is organized.*" (Delany 2012, 136)

2 Lomaistriúchán ó "worldbuilding," nath den bhéarlagair ficsean eolaíochta.

3 "...on BBC1 Breakfast News the distinguished author explained that science fiction, as opposed to what she writes, is characterized by 'talking squids in outer space.'" (Langford 2003)

4 Ó hEanáchain 1991, 6

5 Ó hEanáchain 1991, 10-11

6 Hickey 2015

An tÚll Mór © 2016

carey_ap@yahoo.com